2026/1346

16.6.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1346 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Meitheamh 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1980 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1980 ([1]) lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh.

(2) Ní thabharfar cur chun feidhme iomlán na tacaíochta atá beartaithe d'Fhórsaí Armtha Bheinin chun críche go dtí tar éis dheireadh thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2024/1980. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an tréimhse sin ón 15 Iúil 2026 go dtí an 15 Eanáir 2027.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1980 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2024/1980, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 30 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/1980 ón gComhairle an 15 Iúil 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L, 2024/1980, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1980/oj).